

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 24

RUDAÍ IS MAITH AGUS NACH MAITH LE DALTAÍ

Seo bealach simplí le haithne a chur ar do dhaltaí agus dea-chaidrimh a chothú leo. Is féidir leat é a dhéanamh go foirmiúil áit a mbreacfaidh tú síos aon rud a d'fhéadfá a úsáid mar dhuais nó mar atreiseoir ionas gur féidir leat iad a thabhairt don dalta ag pointe áirithe, nó is féidir leat é a dhéanamh go neamhfhoirmiúil agus tú ag caint leis an dalta. Is cleachtadh éifeachtach é freisin i scileanna sóisialta / i gcumarsáid / in éisteachta agus is féidir leat é a mhúineadh do dhaltaí áit a labhróidh siad le comhpháirtí amháin nó beirt ar feadh nóiméad amháin chun píosaí áirithe eolais a fháil amach faoina gcomhpháirtithe. Is féidir an ceacht seo a dhéanamh ar roinnt bealaí:

- Iarrtar ar dhaltaí ainmniú a dhéanamh ar an bhfoireann peile, an toradh, an deoch, an clár teilifíse is maith / nach maith leo
- Iarrtar ar dhaltaí a rá cé chomh mór agus is maith leo rudaí áirithe (a) go mór (b) rud beag nó (c) ní maith leo iad in aon chor
- Iarrtar ar dhaltaí liostáil a dhéanamh ar rudaí is maith leo / nach maith leo ó chatagóirí leathana
- Iarrtar ar dhaltaí más maith leo / mura maith leo rudaí áirithe / imeachtaí / daoine / áiteanna agus iarrtar orthu míniú cén fáth m.sh. Westlife, Chelsea, You're A Star!, cóisirí lá breithe, Oíche Shamhna, srl

Formáid amháin a d'fhéadfá a úsáid: Deir gach dalta na rudaí is maith / nach maith leo ar an liosta seo:

MÍR / TOPAIC	IS MAITH LIOM	NÍ MAITH LIOM
Bia	Milseáin: <i>Jelly Babies</i>	Milseáin: <i>Aon mhilseáin chrua</i>
	Criospaí: <i>Walkers</i>	Criospaí: <i>Pringles</i>
	Torthaí: <i>Plumáí</i>	Torthaí: <i>Is maith liom iad go léir</i>
	Glasraí: <i>Cairéid</i>	Glasraí: <i>Cabáiste</i>
	Uachtar reoite: <i>Brunch</i>	Uachtar reoite: <i>Aon cheann le cnónna</i>
	Bia eile: <i>Ciste torthaí</i>	Bia eile: <i>Cnónna</i>
Spórt	Spórt faoin spéir:	Spórt faoin spéir:
	Spórt faoi dhíon:	Spórt faoi dhíon:
	An spórt seo a imirt:	An spórt seo a imirt:
	Féachaint ar an spórt seo:	Féachaint ar an spórt seo:
	Imreoir peile:	Imreoir peile:
Bréagáin / Cluichí	Cluiche faoi dhíon:	Cluiche faoi dhíon:
	Cluiche faoin spéir:	Cluiche faoin spéir:
	Cluiche cláir:	Cluiche cláir:
	Cluiche ríomhaire:	Cluiche ríomhaire:
Siamsaíocht	Clár Teilifíse:	Clár Teilifíse:
	Aisteoir / banaisteoir:	Aisteoir / banaisteoir:
	Grúpa / amhránaí pop:	Grúpa / amhránaí pop:
	Cineál ceoil:	Cineál ceoil: